
# Cois Farraige



An Samhradh a bhí ann. Bhí an lá go breá. Bhí an ghrian ag taitneamh go hard sa spéir. Bhí Mamaí, Daidí agus an chlann cois farraige. Bhí a lán daoine ar an trá. Shuigh Mamaí ar an **ruga.** Chuaigh Daidí agus Tomás ag snámh. Tá snámh ag Tomás. Bhí **spáid** agus **buicéad** ag Nóra. Rinne sí **caisleán gainimh.** Chuir Íde **gloiní gréine** uirthi féin. Bhí sí ag léamh leabhair.

**Foclóir:**
**ag taitneamh,** shining
**trá,** beach
**caisleán gainimh,** sandcastle
**gloiní gréine,** sunglasses

**A. Líon isteach na bearnaí:**
sa—hr—dh, ag ta—t—eamh, far—aige, sp—id, b—icé—d, ca—s—eán.

**B. Líon isteach na bearnaí:**
1. Bhí an — — breá.
2. Bhí a lán — ar an —.
3. Chuaigh Daidí agus — ag —.
4. Rinne sí caisleán —.
5. Bhí — ag — leabhair.

**C. Freagair na ceisteanna:**
1. Cén séasúr a bhí ann?
2. Cá raibh an ghrian?
3. Cé a bhí ar an trá?
4. Cad a rinne Mamaí?
5. Cé a bhí ag snámh?
6. Conas a rinne Nóra an caisleán?
7. Céard a chuir Íde uirthi féin?

**D. Scríobh an scéal:** Chuaigh mé cois farraige.
Dé Domhnaigh — farraige; Daidí in éineacht —; lá — ; — an ghrian — sa spéir; a lán daoine; ag snámh — ag súgradh; caisleán gainimh; spórt; abhaile um thráthnóna.

**Gramadach 30**

(i) **Líon isteach na bearnaí:**
**Sampla:** Téann Íde ag snámh gach Satharn. Tá snámh **aici.**
1. Téim ag snámh gach Satharn. Tá snámh —.
2. Téimid ag snámh gach Satharn. Tá snámh —.
3. Chuaigh Daidí agus Liam ag snámh inné. Tá snámh —.

(ii) **Líon isteach na bearnaí:**
**Sampla:** Chuir Úna gloiní gréine **uirthi** féin.
1. Chuireamar gloiní gréine — féin.
2. Chuir Tomás gloiní gréine — féin.
3. Chuir mé gloiní gréine — féin.